Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15507/23

LIMITE

DATAPROTECT 312
JAI 1486
DIGIT 264
MI 987
FREMP 329

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seasamh agus torthaí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)<br>- Formheas |

1. De réir Airteagal 97 de RGCS, cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil maidir le meastóireacht agus athbhreithniú ar an rialachán sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 4 bliana ó mhí Bealtaine 2020. Anuas air sin, ceanglaítear le RGCS go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh agus a mheastóireacht agus a athbhreithniú á ndéanamh aige, na seasaimh agus na torthaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ó chomhlachtaí nó ó fhoinsí ábhartha eile chomh maith.

2. D'fhonn an seasamh agus na cinntí sin ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm RGCS a ullmhú, dhréachtaigh an Uachtaránacht téacs bunaithe ar bharúlacha a chuir na Ballstáit in iúl tar éis sraith de sheisiúin tuairimíochta ag cruinnithe Mheitheal um Chosaint Sonraí na Comhairle an 24 Iúil, an 12 Meán Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair 2023. Iarradh go sonrach ar na Ballstáit réimsí nó earnálacha a shainaithint ina bhféadfaí a mheas gur cuireadh RGCS chun feidhme go héifeachtach, tuairisciú ar chur chun feidhme praiticiúil ar an leibhéal náisiúnta, gné idirnáisiúnta RGCS a mheas agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú RGCS *vis-à-vis* cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad a bhíonn gníomhach ar mhargadh an Aontais.

3. Bunaithe ar an obair ullmhúcháin sin agus ag eascairt as na comhairliúcháin leis na Ballstáit, a seoladh an 19 Deireadh Fómhair agus an 8 Samhain 2023, tá na toscaireachtaí in ann teacht ar chomhaontú anois maidir le téacs an tseasaimh agus na gcinntí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm RGCS mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs; agus

– a mholadh go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh agus na cinntí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

PUBLIC

**Seasamh agus torthaí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm RGCS**

PUBLIC

## 1. RÉAMHRÁ

(1) Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS')[1], lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE agus a ghabhann ionad na Treorach sin, i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Is é is aidhm dó creat cosanta sonraí a chruthú san Aontas a bheidh láidir comhleanúnach, agus ag a mbeidh dhá chuspóir: cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint (agus go háirithe an ceart maidir le cosaint a sonraí pearsanta), agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den Aontas a cheadú.

(2) De réir Airteagal 97 de RGCS, cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil maidir le meastóireacht agus athbhreithniú ar an rialachán sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 4 bliana ó mhí Bealtaine 2020.

(3) Sa chomhthéacs sin, scrúdóidh an Coimisiún, go háirithe, cur i bhfeidhm agus feidhmiú na nithe seo a leanas:

- Caibidil V maidir le sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ó thaobh cinntí a ghlactar de bhun Airteagal 45(3) den Rialachán seo agus cinntí a ghlactar ar bhonn Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE; agus

- Caibidil VII maidir le comhar agus comhsheasmhacht.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

(4) Ceanglaítear le RGCS go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh na seasaimh agus na torthaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ó chomhlachtaí nó ó fhoinsí ábhartha eile chomh maith. Féadfaidh an Coimisiún freisin faisnéis a iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis mhaoirseachta.

(5) In oirchill na chéad tuarascála meastóireachta agus athbhreithnithe ar RGCS arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 97, ghlac an Chomhairle, an 15 Eanáir 2020, an chéad doiciméad dar teideal Seasamh agus torthaí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ina dtugtar breac-chuntas ar na saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm agus léiriú RGCS ar mó a bhí ina gcúis imní sna Ballstáit ag an am, go háirithe i ndáil le 1) na dúshláin maidir le coimircí iomchuí a chinneadh nó a chur i bhfeidhm d'uireasa cinneadh leordhóthanachta; 2) an obair bhreise atá ann do na húdaráis mhaoirseachta mar thoradh ar na sásraí comhair agus comhsheasmhachta faoi Chaibidil VII RGCS, chomh maith leis na himpleachtaí acmhainní a bhaineann leis na sásraí sin; 3) ilroinnt neamhthuartha reachtaíochta; 4) na hoibleagáidí nua do rialaitheoirí agus próiseálaithe san earnáil phríobháideach a tugadh isteach le forálacha éagsúla RGCS; agus 5) na céimeanna a bheidh le tabhairt ag na húdaráis mhaoirseachta chun dul i ngleic le dálaí ina dteipeann ar rialaitheoirí atá bunaithe i dtríú tíortha ionadaí a ainmniú san Aontas.

(6) Cé gur aithin an Chomhairle an ról atá ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (‘EDPB’) agus ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le treoir a chur ar fáil, leag an Chomhairle béim thairis sin ar réimsí sonracha ar cheart aird bhreise a thabhairt orthu, go háirithe: cur i bhfeidhm RGCS i réimse na dteicneolaíochtaí nua chomh maith leis na saincheisteanna a bhaineann le cuideachtaí móra teicneolaíochta; na huirlisí teicneolaíochta d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (‘FBManna’) agus comhlachais charthanacha agus dheonacha, mar shampla, foirm chomhchuibhithe do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe chun na húdaráis mhaoirseachta a chur ar an eolas faoi shárú ar shonraí pearsanta nó taifead simplithe próiseála, chomh maith le huirlisí iomchuí eile do FBManna RGCS a chur i bhfeidhm i bhfianaise a riachtanas sonrach; socruithe éifeachtúla oibre údarás maoirseachta i gcásanna trasteorann; agus na saincheisteanna a bhaineann le cásanna nach gcomhlíonann ionadaí rialaitheora nó próiseálaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas a oibleagáidí.

(7) An 24 Meitheamh 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *Data protection as a pillar of citizens' empowerment and the EU's approach to the digital transition - two years of application of the General Data Protection Regulation* [Cosaint sonraí mar cholún de chumhachtú na saoránach agus cur chuige an Aontais i leith an aistrithe dhigitigh - 2 bhliain de chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí], agus thug sé dá aire go háirithe go raibh sé tábhachtach cur chuige comhchuibhithe agus cultúr coiteann Eorpach cosanta sonraí a chruthú chun acmhainneacht iomlán RGCS a bhaint amach agus láimhseáil níos éifeachtúla agus níos comhchuibhithe ar chásanna trasteorann a chothú. Bunaithe ar an meastóireacht a rinne sé, liostaigh an Coimisiún sraith gníomhaíochtaí a sainaithníodh a bheith riachtanach chun tacú le cur i bhfeidhm RGCS d'fhonn an creat dlíthiúil a chur chun feidhme agus a chomhlánú, an acmhainneacht iomlán a bhaint amach leis an gcóras rialachais nua, tacú le páirtithe leasmhara, nuálaíocht a spreagadh, an tsraith straitéisí le haghaidh aistrithe sonraí a fhorbairt a thuilleadh, cóineasú a chur chun cinn agus comhar idirnáisiúnta a fhorbairt.

(8) D'fhonn an dara tuarascáil seo a ullmhú ar sheasamh agus cinntí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm RGCS, agus chun cur leis an dara tuarascáil atá le teacht in 2024 ón gCoimisiún, dhréachtaigh an Uachtaránacht téacs bunaithe ar bharúlacha a chuir na Ballstáit in iúl tar éis sraith de sheisiúin tuairimíochta ag cruinnithe Mheitheal um Chosaint Sonraí na Comhairle an 24 Iúil, an 12 Meán Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair 2023. Iarradh go sonrach ar na Ballstáit réimsí nó earnálacha a shainaithint ina bhféadfaí a mheas gur cuireadh RGCS chun feidhme go héifeachtach, tuairisciú ar chur chun feidhme praiticiúil ar an leibhéal náisiúnta, gné idirnáisiúnta RGCS a mheas agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú RGCS *vis-à-vis* cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad a bhíonn gníomhach ar mhargadh an Aontais.

(9) Leagtar amach agus achoimrítear sa doiciméad seo seasamh agus cinntí ón gComhairle bunaithe ar an obair ullmhúcháin sin. Chomh maith leis an gcéad tuarascáil ar chur chun feidhme a ghlac an Coimisiún in 2020, thug an Chomhairle dá haire freisin an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú RGCS[2], a tíolacadh i mí Iúil 2023, togra atá á phlé faoi láthair i Meitheal na Comhairle um Chosaint Sonraí.

[2] COM/2023/348 final

(10) Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb é seo an chéad deis RGCS a mheas thar thréimhse is faide ná 5 bliana ó tosaíodh á chur i bhfeidhm go héifeachtach é, i gcomhréir le hAirteagal 97 de. Is buntáiste é atá ag an seasamh seo, dá thairbhe sin, an taithí suntasach atá ag na Ballstáit anois ar chur i bhfeidhm RGCS. Is fiú a lua freisin gur cuireadh na gnéithe tábhachtacha a leanas san áireamh ann: taithí phraiticiúil na n-údarás maoirseachta náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm RGCS a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh air, treorach agus cinntí ceangailteacha arna nglacadh ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, agus, chomh maith leis sin, rialuithe ábhartha cúirte, lena n-áirítear rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Ina theannta sin, chun an seasamh reatha agus na cinntí a fhorbairt, breathnaíodh ar thagairtí a dhéanamh do na dúshláin, do na hábhair imní agus do na pointí dar gá aird a thabhairt arna sainaithint ag an gComhairle in 2020, chomh maith leis an liosta gníomhaíochtaí a leag an Coimisiún síos sa Teachtaireacht a chuir sé amach ina dhiaidh sin.

(11) Tá an Chomhairle den tuairim, mar a bhí sí in 2020, nár cheart na seasaimh ná na cinntí uaithi a bheith teoranta do na hábhair a luaitear go sonrach in Airteagal 97(2) RGCS. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle freisin don Choimisiún, sa tuarascáil atá le teacht, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmiú RGCS thar an méid a luaitear go sonrach san airteagal sin. Is mó fós an t-údar atá le raon feidhme cuimsitheach a bheith i gceist sa mheastóireacht ós rud é, in imeacht an ama ó glacadh an tuarascáil dheireanach in 2020, gur tháinig tuilleadh forbartha ar thaithí agus ionchuir phraiticiúla na bpáirtithe leasmhara agus n-eagraíochtaí ábhartha, gur tháinig forbairt shuntasach ar an rialáil sa réimse sin, agus gur glacadh roinnt ionstraimí reachtacha ar leibhéal an Aontais a mbíonn tionchar acu ar phróiseáil sonraí pearsanta agus a bhíonn ag idirghníomhú le RGCS.

## 2. BARÚLACHA GINEARÁLTA

(12) Feictear don Chomhairle go bhfuil ag éirí go maith le RGCS. A bhuí leis an Rialachán sin d’eascair torthaí dearfacha as an gcomhchuibhiú a rinneadh ar dhlí an Aontais agus as an neart a cuireadh le cultúr cosanta sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. Trína chur i bhfeidhm, cuireadh feabhas ar mhuinín agus ar dheimhneacht dhlíthiúil, éascaíodh sreafaí sonraí trasteorann laistigh den Aontas, agus chuaigh an méid sin chun tairbhe don mhargadh inmheánach agus d’fhorbairt an gheilleagair dhigitigh.



PUBLIC

(13) Tá sé 5 bliana anois ó cuireadh RGCS i bhfeidhm go héifeachtach, agus is cloch mhíle thábhachtach fós é sin lenar neartaíodh na cearta bunúsacha maidir le meas a bheith ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ar phríobháideachas baile agus cumarsáide, agus ar chosaint sonraí pearsanta (Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh), trí leibhéal comhionann cosanta a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa agus trína chur ar a gcumas níos mó smachta a bheith acu ar phróiseáil a sonraí pearsanta. Treisíodh cearta na n-ábhar sonraí agus tháinig méadú ar an bhfeasacht, ar an eolas agus ar an tuiscint ar chearta cosanta sonraí sa phobal i gcoitinne. D'imir RGCS tionchar dearfach ar thrédhearcacht agus ar chumhachtú na n-ábhar sonraí, mar a léirítear sa mhéadú ar fheidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, lena n-áirítear cearta nua.

(14) Treisíodh na ráthaíochtaí maidir le dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí pearsanta sa chleachtas freisin agus bhí ról suntasach ag cur i bhfeidhm fhorálacha RGCS maidir le trédhearcacht agus slándáil próiseála sonraí pearsanta a mhéadú. Tá rialaitheoirí agus próiseálaithe níos feasaí faoina n-oibleagáidí agus faoi iarmhairtí na próiseála sin nach gcomhlíonann RGCS. Neartaíodh cuntasacht na n-eintiteas atá faoi réir RGCS agus bhí tionchar dearfach ag na hiarrachtaí RGCS a chomhlíonadh ar rialachas sonraí laistigh d'eagraíochtaí i gcoitinne.

(15) Measann an Chomhairle, áfach, go bhfuil dúshláin phraiticiúla fós ann maidir le cur chun feidhme roimh eagraíochtaí príobháideacha agus eagraíochtaí poiblí araon, agus go rachadh sé chun tairbhe fós do chur i bhfeidhm fhorálacha sonracha RGCS dá dtabharfaí tuilleadh soiléireachta agus treoracha ina leith chun comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Chomh maith leis sin, sa mheastóireacht ar an Rialachán, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ualach a bhaineann le forálacha áirithe nuair a chuireann eintitis bheaga i bhfeidhm iad, mar shampla FBManna agus údaráis áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha, mar shampla comhlachais dheonacha, agus ba cheart féachaint ar dheiseanna chun tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. I ndáil leis an méid sin tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh EDPB nó údaráis mhaoirseachta náisiúnta treoir shonrach do na grúpaí sin agus go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú gur féidir prionsabail, coincheapa dlíthiúla agus cearta RGCS a léiriú, a thuiscint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Aontais.

PUBLIC

(16) Ní mór cothú muiníne i sreafaí sonraí trasteorann a aithint mar phríomhghné de thimpeallacht atá ag éirí níos digitithe agus bíonn tionchar dearfach ag RGCS sa chomhthéacs sin. Maidir le sreafaí sonraí idirnáisiúnta, bhí ról lárnach ag RGCS maidir leis an Aontas Eorpach a shuí mar thagarmharc idirnáisiúnta agus mar chaighdeán tagartha idirnáisiúnta i gcosaint sonraí agus príobháideachas lasmuigh de theorainneacha an Aontais. Gné thábhachtach freisin is ea uirlisí aistrithe sonraí a fhorbairt a thuilleadh, ar féidir le rialaitheoirí sonraí iad a chur chun feidhme go praiticiúil agus go héasca chun cosaint sonraí pearsanta a aistrítear chuig tríú tíortha a áirithiú agus sreafaí sonraí idirnáisiúnta á n-éascú ag an am céanna.

(17) Aithníonn an Chomhairle gur cuireadh ar bun samhail nua rialála agus go bhfuil an tsamhail sin á hoibriú a bhuí le bunú an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí agus leis an gcomhar méadaithe idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Is é an tionchar dearfach a bhí ag an sásra comhair agus comhsheasmhachta gurb ann anois do léiriú comhsheasmhach ar RGCS. Ina theannta sin, cuireadh dlús leis an gcomhar forfheidhmiúcháin agus rannchuidíonn cinntí maidir le rialaitheoirí sonraí le cuntasacht na bpáirtithe leasmhara agus le cosaint daoine aonair a threisiú. Iarrann an Chomhairle go leanfaí de na hiarrachtaí agus de na tionscnaimh sa treo sin, lena n-áirítear ó thaobh acmhainní de, agus go dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin sin atá fós gan réiteach.

(18) Glacadh roinnt ionstraimí reachtacha tábhachtacha ar ionstraimí is infheidhme maidir leis an earnáil dhigiteach iad ó tháinig RGCS i bhfeidhm go héifeachtach, agus tá ionstraimí eile á bplé faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais nua agus ar theicneolaíochtaí nua i margadh digiteach an Aontais a mbeidh tionchar acu ar phróiseáil sonraí pearsanta. Measann an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach comhsheasmhacht le cur i bhfeidhm RGCS a áirithiú i gcur chun feidhme na n-ionstraimí nua sin agus gur cheart comhar rialála a chur chun cinn chun an cuspóir sin a bhaint amach.

PUBLIC

PUBLIC

## 3. PRIONSABAIL RGCS AGUS COSAINT CHEARTA NA N-ÁBHAR SONRAÍ

(19) Measann an Chomhairle, mar Rialachán atá bunaithe ar phrionsabail, go bhfuil sé léirithe ag RGCS go bhfuil sé in ann a áirithiú go n-urramófar caighdeáin choiteanna agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ar fud an Aontais. Tá cruthaithe go bhfuil an meascán agus an cur i bhfeidhm solúbtha de phrionsabail RGCS, arb iad dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht, agus cuntasacht, éifeachtach chun cearta na n-ábhar sonraí a chosaint, agus go bhfreagraíonn siad d'fhorbairtí agus athruithe teicneolaíocha. Ós amhlaidh atá, is cur chuige rialála ábhartha fós é rialachán a roghnú bunaithe ar phríomhphrionsabail, ar chearta dírithe ar dhaoine aonair agus ar oibleagáidí sonracha ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí, d'fhonn cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs ina bhfuil níos mó digitithe á dhéanamh ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.

(20) Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá cosaint sonraí pearsanta ó thaobh na nuálaíochta freagraí eiticiúla de, agus gur chuidigh RGCS le nuálaíocht iontaofa a chothú. Ós rud é go bhfuil RGCS neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, tá cruthaithe go bhfuil sé in ann ag na dúshláin a thagann chun cinn le forbairt teicneolaíochtaí agus leis an bpróiseáil sonraí pearsanta is bunús leo, rud a mhéadaíonn an muinín as réitigh agus feidhmchláir nua arna bhforbairt in go leor earnálacha éagsúla agus ag raon leathan gníomhaithe. Agus an méid sin á chur san áireamh, measann an Chomhairle go gcuirfear RGCS agus comhlíonadh a phrionsabail agus a fhorálacha chun cinn mar ghléas chun nuálaíocht chuntasach, fhreagrach agus eiticiúil a áirithiú, lena méadaítear leibhéal na muiníne a bhfuil coinne ag saoránaigh agus tomhaltóirí leis, agus lena ndéantar cosaint sonraí pearsanta a ghiaráil mar shócmhainn iomaíoch. Measann an Chomhairle freisin go bhfuil sé ríthábhachtach, chun RGCS a chur i bhfeidhm amach anseo agus chun geilleagar digiteach an Aontais a fhorbairt, go gcuirfí san áireamh an gá atá le tacú leis an nuálaíocht agus le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt.

(21) Measann an Chomhairle freisin go bhfuil sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cuireadh creat solúbtha ar fáil le RGCS, lenar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil i gcásanna éigeandála nó géarchéime, mar a léiríodh leis na córais faisnéise agus na huirlisí digiteacha éagsúla a bunaíodh nuair a bhí paindéim COVID-19 á comhrac ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Aithníonn an Chomhairle an ról a bhí ag na húdaráis cosanta sonraí maidir le tacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí chun réitigh chomhlíontacha a fhorbairt chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19, agus cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá treoirlínte comhsheasmhacha tapa, iontaofa uile-Aontais chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon staid éigeandála nó géarchéime a bheidh ann amach anseo a mbeadh próiseáil sonraí pearsanta ina gné bhunriachtanach di.

(22) Tá méadú suntasach tagtha freisin ar fheidhmiú a gceart ag ábhair sonraí mar thoradh ar an gcreat cumasúcháin iontaobhach arna bhunú le RGCS, mar a léirítear le líon na n-iarrataí a cuireadh chuig rialaitheoirí agus líon na ngearán a fuair agus a phróiseáil údaráis mhaoirseachta náisiúnta le 5 bliana anuas. Is gné ríthábhachtach é an cumas obair leantach a dhéanamh ar na hiarrataí sin agus acmhainneacht na n-údarás maoirseachta náisiúnta aghaidh a thabhairt ar na gearáin a fhaightear chun a áirithiú go gcuirfear RGCS i bhfeidhm go leordhóthanach agus go comhsheasmhach agus go dtabharfar cumhacht do na hábhair sonraí le feidhmiú a gceart. Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar chumas na n-ábhar sonraí a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach, agus ar an dearcadh atá acu ar chosaint a sonraí pearsanta faoi dhlí an Aontais.

PUBLIC

## 4. CUR I bhFEIDHM RGCS AG EAGRAÍOCHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA

(23) Tá eagraíochtaí príobháideacha a phróiseálann sonraí pearsanta san Aontas tar éis cur, de réir a chéile, lena n-iarrachtaí comhlíontachta agus cuntasachta, rud a fhágann go ndéantar, ní hamháin sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint ar bhealach níos fearr ach rialachas feabhsaithe ar shonraí laistigh d'eagraíochtaí i gcoitinne. Ina theannta sin, a bhuí leis an sásra comhair agus comhsheasmhachta arna bhunú le RGCS, lena bhforáiltear do shásra ionaid ilfhreastail do rialaitheoir sonraí agus do phróiseálaí a phróiseálann sonraí pearsanta i níos mó ná Ballstát amháin, tá deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann do chuideachtaí, chomh maith le cothrom na Féinne agus forfheidhmiú comhsheasmhach ar fud an Aontais. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle aird ar a thábhachtaí atá sé go gceapfadh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus EDPB treoirlínte chun tacú le comhlíontacht na n-eagraíochtaí príobháideacha agus chun an chomhlíontacht sin a éascú, agus chun a áirithiú go léireofar agus go gcuirfear RGCS chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach, agus molann sí tuilleadh treoirlínte ábhartha i gcoitinne a cheapadh.

PUBLIC

(24) Cé go n-aithníonn an Chomhairle tionchar dearfach RGCS ar leibhéal comhlíonta na rialacha cosanta sonraí, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir, áfach, ag eascairt as comhlíonadh an chreata nua sin, go bhfuil ualach breise ar eagraíochtaí beaga, go háirithe FBManna, a thairbheodh de thacaíocht bhreise chun réitigh chomhlíontachta a chur chun feidhme a bheadh iomchuí don riosca go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is díol sásaimh di, an treoir thiomnaithe le haghaidh FBManna a ghlac EDPB agus roinnt údarás maoirseachta náisiúnta, agus molann sí uirlisí praiticiúla cur chun feidhme chun na heagraíochtaí sin a fhorbairt a thuilleadh. D'fhéadfadh go dtabharfaí, leis na ceanglais faisnéise agus doiciméadaithe a ghabhann le RGCS, dúshlán ar leith do na heagraíochtaí beaga, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí próiseála a mbaineann riosca íseal i gcomhair ábhair sonraí leo. Is fíor sin go háirithe i gcás rialaitheoirí nach n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta ar a bpríomhghníomhaíochtaí nó ar féidir a mheas go bhfuil riosca íseal ag baint lena ngníomhaíochtaí próiseála. I ndáil leis sin, molann an Chomhairle uirlisí praiticiúla a cheapadh, mar shampla, teimpléid agus clásail faisnéise eiseamláireacha, agus iarrann sí ar EDPB treoirlínte spriocdhírithe a fhorbairt maidir leis an oibleagáid taifid a choinneáil ar ghníomhaíochtaí próiseála, ionas go n-éascófaí comhlíonadh na n-eagraíochtaí níos lú agus go gcuirfí san áireamh líon na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag na heintitis sin agus an riosca a ghabhann leis an bpróiseáil sin.

(25) Ar an iomlán, measann an Chomhairle gur beag uirlis chomhlíontachta eile, mar shampla deimhniú agus cóid iompair, a ceapadh go dtí seo, cé go bhféadfaidís tacú go mór le comhlíontacht eagraíochtaí, lena n-áirítear FBManna, agus an chomhlíontacht sin a éascú. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na huirlisí sin a fhorbairt a thuilleadh agus iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach agus ar EDPB measúnú a dhéanamh ar an gcaoi le tacú a thuilleadh le glacadh pras cód iompair agus le deimhniú.

PUBLIC

(26) Tá cruthaithe, i bhfianaise phróifílí, scileanna agus inniúlachtaí na n-oifigeach cosanta sonraí, go bhfuil an ról atá acu ríthábhachtach d’eagraíochtaí chun RGCS a chomhlíonadh agus chun faireachán a dhéanamh ar an bpróiseáil agus ar na coimircí a chuirtear chun feidhme. Aithníonn an Chomhairle, áfach, na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt earnálacha oifigigh cosanta sonraí a cheapadh. Measann an Chomhairle gur cheart iarrachtaí maidir le múscailt feasachta agus oiliúint a chur chun cinn chun a áirithiú go mbeidh eagraíochtaí in ann a n-oibleagáid i ndáil le cúraimí agus dualgas na n-oifigeach cosanta sonraí a chomhlíonadh.

## 5. CUR I bhFEIDHM RGCS AG ÚDARÁIS PHOIBLÍ

(27) Tugann an Chomhairle dá haire go n-áirítear iarrachtaí suntasacha agus forbairtí dearfacha ar RGCS freisin maidir leis an leibhéal cosanta sonraí pearsanta agus iad á bpróiseáil ag údaráis phoiblí, lena n-áirítear le hoiriúnú na gcreataí dlíthiúla náisiúnta. Chun leanúint de bheith ag tacú le comhlíontacht próiseála sonraí pearsanta arna dhéanamh ag údaráis phoiblí, as ar eascair próisis chasta agus deacrachtaí léirithe uaireanta, mar shampla agus iad ag plé le malartuithe sonraí agus le comhar idir na húdaráis phoiblí iad féin, molann an Chomhairle do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, do EDPB, sainiúlacht a ngníomhaíochtaí a chur san áireamh. Cuireann an Chomhairle chun suntais na hualaí agus na dúshláin ar leith atá ar na húdaráis áitiúla, agus na deacrachtaí atá ag údaráis phoiblí oifigeach cosanta sonraí a cheapadh, agus molann sí go bhforbrófaí uirlisí praiticiúla agus treoir thiomnaithe ó na húdaráis cosanta sonraí faoin dá ghné sin.

PUBLIC

(28) Mar thoradh ar fheidhmiú an chirt rochtana faoi Airteagal 15 RGCS, tá éiginnteachtaí ann maidir lena chur i bhfeidhm ag údaráis phoiblí, go háirithe i ndáil le raon feidhme a chur i bhfeidhm agus lena ghaol leis an gceart rochtain a fháil ar dhoiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta. Tugadh faoi deara i roinnt Ballstát gur mhinic a agraíodh feidhmiú an chirt rochtana chun táillí is infheidhme de réir an dlí shibhialta nó riaracháin náisiúnta a sheachaint agus an ceart rochtain a fháil ar dhoiciméid á fheidhmiú. Tugann an Chomhairle dá haire gur dheacair ag na húdaráis phoiblí, dá bhrí sin, a chinneadh ar cheart agus a mhéid ba cheart ceart rochtana RGCS a chur i bhfeidhm, agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé leis na forálacha is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, ar EDPB treoir thiomnaithe a fhorbairt chun aon éiginnteacht a d'fhéadfadh a bheith ann a leigheas agus chun cur i bhfeidhm Airteagal 15 RGCS a shoiléiriú sa chomhthéacs sin, agus an cásdlí is déanaí agus róil na n-údarás náisiúnta maidir leis an gceart rochtain a fháil ar dhoiciméid a ráthú á gcur san áireamh freisin.

(29) In amanna bhí dúshláin ó thaobh léiriú de roimh údaráis phoiblí maidir leis an mbunús dlí faoi Airteagal 6 RGCS lena gceadaítear a ngníomhaíochtaí próiseála, go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh gá le próiseáil mar sin ar mhaithe le hoibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, nuair nach gcinntear go leordhóthanach leis an ngníomh dlí bunúsach na forálacha is infheidhme maidir leis an bpróiseáil sin. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur cheart, le hionstraimí reachtacha arna n-achtú ar leibhéal an Aontais, nuair is dlí de chuid an Aontais iad lena soláthraítear bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 6 RGCS, na ceanglais agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis phoiblí an phróiseáil sin a dhéanamh a shainiú go soiléir. Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú go soiléir i ndlí an Aontais, i gcás inarb infheidhme, inniúlacht na n-údarás maoirseachta náisiúnta i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta.

## 6. LAMHÁLACHA DON REACHTAÍOCHT NÁISIÚNTA

(30) Agus béim á leagan ag an gComhairle ar a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a áirithiú ar leibhéal an Aontais, go háirithe i gcás na próiseála a dhéanann eagraíochtaí príobháideacha, measann sí gur tairbheach agus ábhartha i gcónaí d'údaráis phoiblí i bhfianaise shainiúlacht a ngníomhaíochtaí próiseála, iad na lamhálacha atá fágtha ag an reachtaíocht náisiúnta creat sonrach a shainiú le haghaidh cineálacha áirithe gníomhaíochtaí próiseála, mar shampla maidir le hAirteagail 85 agus 86 RGCS maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus maidir leis an gceart rochtain a fháil ar dhoiciméid oifigiúla. Chuir na comhreachtóirí na lamhálacha sin isteach d'aon ghnó agus RGCS á ghlacadh acu agus is léir gur cur chuige éifeachtach iad, rud a thugann údar le méid áirithe ilroinnte, go háirithe i ngníomhaíochtaí próiseála ina bhfuil a ndlínse féin ag na Ballstáit nó i réimsí ina leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta coinníollacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, mar shampla i gcomhthéacs fostaíochta.

## 7. GNÍOMHAÍOCHTAÍ PRÓISEÁLA SONRACHA

(31) Agus RGCS á chur i bhfeidhm go héifeachtach le 5 bliana anuas, bhíothas in ann gníomhaíochtaí sonracha próiseála nó forálacha gaolmhara faoi RGCS a shainaithint a d'fhéadfadh leas a bhaint as soiléirithe breise a mhéid a bhaineann le léiriú agus treorach, d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach comhleanúnach a áirithiú.

(a) Próiseáil sonraí pearsanta mionaoiseach: measann an Chomhairle go dtairbheodh cur i bhfeidhm éifeachtach RGCS, agus an chosaint shonracha bhunúsach ba cheart a thabhairt do leanaí, de shoiléiriú breise ar fhorálacha gaolmhara an téacs agus go háirithe raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 8 RGCS, a bhaineann leis na coinníollacha is infheidhme maidir le toiliú an linbh i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise. Ar bhonn níos ginearálta, iarrann an Chomhairle ar EDPB treoir thiomnaithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta mionaoiseach a fhorbairt chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do rialaitheoirí sonraí agus iad ag iarraidh mionaoisigh a chosaint.

PUBLIC

(b) Próiseáil chun críoch taighde agus cartlannaithe: tá tagairtí agus forálacha sonracha in RGCS maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch taighde agus cartlannaithe ar gá iad a chur i bhfeidhm ina n-iomláine chun riachtanais shonracha an phobail taighde agus tábhacht an taighde don tsochaí ina hiomláine a chur san áireamh. Meabhraítear don Chomhairle sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le hAithris 33 RGCS, gur minic nach féidir cuspóir na próiseála sonraí pearsanta chun críoch taighde eolaíoch a shainaithint go hiomlán tráth bhailiú na sonraí agus gur cheart, dá bhrí sin, cead a thabhairt do na hábhair sonraí a dtoiliú a thabhairt maidir le réimsí áirithe den taighde eolaíoch agus iad ag teacht le caighdeáin eiticiúla aitheanta le haghaidh an taighde eolaíoch. Measann an Chomhairle go bhfuil gá le soiléiriú breise a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch taighde agus cartlannaithe araon, go háirithe maidir leis an mbunús dlí is infheidhme agus na coinníollacha maidir le toiliú, chomh maith leis na róil agus na freagrachtaí a chinneadh. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar EDPB treoirlínte sonracha a ghlacadh lena dtacófar le gníomhaíochtaí comhlíontacha a fhorbairt i réimse an taighde eolaíoch agus i réimse an chartlannaithe.

(c) Próiseáil arna déanamh ag cúirteanna ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach: cé go n-aithníonn an Chomhairle an obair a rinne an Coimisiún Eorpach faoi chuimsiú a shainghrúpa maidir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680, measann sí gur cheart tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh sa réimse sin, agus forbairtí cásdlí agus sainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí próiseála á gcur san áireamh, chun léiriú comhsheasmhach na bhforálacha gaolmhara a éascú.

(d) Anaithnidiú agus bréagainmniú: measann an Chomhairle go mbainfeadh ceanglais a bhaineann le hanaithnidiú agus le bréagainmniú, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad ó thaobh na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a laghdú nó a mhaolú agus tagairtí do choincheapa mar sin i gcodanna eile de dhlí an Aontais, go mbainfeadh siad tairbhe as tuilleadh soiléirithe ionas gur féidir le rialaitheoirí agus próiseálaithe iad a chur chun feidhme go héifeachtach. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar EDPB treoirlínte cuimsitheacha a ghlacadh maidir le hanaithnidiú agus bréagainmniú, chun léiriú agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú ar leibhéal an Aontais, agus go háirithe soiléiriú a thabhairt ar na coinníollacha, ar na ceanglais agus ar an mbunús dlí le haghaidh na ngníomhaíochtaí próiseála sin.

(e) Próifíliú agus scóráil: tá próiseáil sonraí pearsanta a mbíonn próifíliú agus scóráil daoine aonair mar thoradh uirthi tar éis éirí níos forleithne in go leor earnálacha agus feidhmchlár agus déantar iad a chomhtháthú i roinnt mhaith réiteach teicneolaíochta. D'fhéadfadh rioscaí suntasacha a bheith i gceist leo do chearta na n-ábhar sonraí, lena n-áirítear iarmhairtí ar a gcás sonrach féin. Tugadh aghaidh ar na gníomhaíochtaí próiseála sin i roinnt ionstraimí reachtacha a glacadh le déanaí ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle cur i bhfeidhm éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú i ndáil le forálacha RGCS is infheidhme maidir le próifíliú agus scóráil, agus measúnú a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil an creat dlíthiúil reatha agus cur i bhfeidhm an chreata sin éifeachtach ó thaobh ábhair sonraí a chosaint nó an bhfuil gá le tuilleadh treorach agus feabhais chun próifíliú agus gníomhaíochtaí scórála a theorannú go soiléir.

PUBLIC

(f) Malartú faisnéise le húdaráis forfheidhmithe dlí: Agus é á aithint aici a thábhachtaí atá rochtain ar fhaisnéis chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint sonraí pearsanta agus slándáil inmheánach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus cearta daoine aonair a chosaint maidir le gníomhaithe príobháideacha agus poiblí araon a dtagann a bpróiseáil sonraí pearsanta faoi raon feidhme RGCS, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí lena gceadaítear an mhalartú faisnéise sin. Maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh rialaitheoirí sonraí a dtagann an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann siad faoi raon feidhme RGCS na sonraí pearsanta sin a nochtadh d'údaráis forfheidhmithe dlí, ba cheart na coinníollacha sin a bheith soiléir agus ba cheart lánurraim a thabhairt do chearta an ábhair sonraí faoi RGCS agus do na cearta bunúsacha a ráthaítear.

PUBLIC

## 8. SÁSRA COMHAIR AGUS COMHSHEASMHACHTA

(32) Measann an Chomhairle go bhfuil comhar marthanach agus éifeachtúil idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta mar thoradh ar an sásra comhair agus comhsheasmhachta a bunaíodh le RGCS agus measann sí gur éacht dearfach é bunú EDPB agus a nósanna imeachta gaolmhara, mar a léirítear le líon na gcinntí críochnaitheacha maidir le cásanna trasteorann a glacadh le 5 bliana anuas.

(33) Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gné ríthábhachtach é RGCS a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear *vis-a-vis* rialaitheoirí sonraí idirnáisiúnta ar mhórscála, chun cearta na n-ábhar sonraí a chosaint ar bhealach éifeachtach. Cé gur sainaithníodh dúshláin ó thaobh forfheidhmithe, ar dúshláin iad atá ann fós, tugann an Chomhairle dá haire an togra ón gCoimisiún le déanaí lena leagtar síos rialacha breise nós imeachta a bhaineann le forfheidhmiú RGCS, a scrúdófar faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

(34) Bhí forbairt treorach comhsheasmhaí agus uile-Aontais ríthábhachtach freisin chun forálacha sonracha RGCS a chur chun feidhme go héifeachtach, agus measann an Chomhairle go raibh ról tábhachtach ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus ag EDPB i ndáil leis an méid sin. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte atá ann cheana, nuair is gá agus go háirithe i bhfianaise forbairtí cásdlí, agus gur gá comhairliúchán éifeachtach cuimsitheach a cheadú leis na páirtithe leasmhara uile sula nglacfar treoirlínte sonracha.

PUBLIC

## 9. <u>AISTRITHE IDIRNÁISIÚNTA AGUS GNÉ SHEACHTRACH RGCS</u>

(35) A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór d’aon uirlis aistrithe sonraí a bheidh ann amach anseo cosaint leordhóthanach a thabhairt do shonraí pearsanta daoine aonair san Aontas agus na ceanglais a leagtar amach i gcásdlí CBAE a chomhlíonadh agus í á forbairt, agus ar an gcaoi sin cosaint éifeachtach do dhaoine aonair agus deimhneacht dhlíthiúil do rialaitheoirí sonraí a áirithiú.

(36) Measann an Chomhairle gur uirlis riachtanach iad cinntí leordhóthanachta a ghlactar de bhun Airteagal 45 RGCS, lena n-éascaítear agus lena gcothaítear sreabha idirnáisiúnta sonraí a bhfuil muinín astu agus lena ndéantar tagarmharc ar an leibhéal domhanda den tsamhail Eorpach um chosaint sonraí. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach trédhearcacht a phróisis measúnaithe a mhéadú agus straitéis chuimsitheach chomhleanúnach a thíolacadh le haghaidh cinntí leordhóthanachta amach anseo, lenar cheart féachaint freisin ar na deiseanna agus na tairbhí a bhaineann le cinntí leordhóthanachta earnála nó fonáisiúnta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtabharfar an t-athbhreithniú leanúnach ar chinntí leordhóthanachta a ghlac an Coimisiún roimhe seo ar bhonn Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE chun críche mar thosaíocht, chun fhorbairt straitéis leordhóthanachta an Aontais amach anseo a threorú freisin.

(37) Aithníonn an Chomhairle na tairbhí a bhaineann le huirlisí aistrithe eile dá bhforáiltear faoi RGCS agus measann sí go bhfuil treoirlínte EDPB sa réimse sin úsáideach, go háirithe maidir le clásail chonarthacha chaighdeánacha. Mar sin féin, tugann an Chomhairle dá haire nár baineadh úsáid iomlán as uirlisí aistrithe áirithe, mar gheall ar easpa tionscnamh arb é is aidhm dóibh a bhforbairt a chothú agus mar gheall ar chastacht an phróisis chun iad a ghlacadh. Maidir le cineálacha sonracha aistrithe, go háirithe chuig rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a dtagann a ngníomhaíochtaí próiseála faoi raon feidhme RGCS, bhainfeadh siad tairbhe as uirlisí aistrithe tiomnaithe, ar cheart tuilleadh staidéir a dhéanamh ar a bhforbairt. Dá bhrí sin, measann an Chomhairle gur cheart go gcuirfear treoir agus tacaíocht bhreise chun cinn chun glacadh agus úsáid uirlisí aistrithe a éascú, mar shampla cóid iompair, deimhnithe agus rialacha ceangailteacha corparáideacha, lena n-áirítear trí nósanna imeachta glactha a éascú agus trí chur chuige earnáilsonrach.

(38) Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil comhar méadaithe ann idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus údaráis tríú tíortha, ar rud ríthábhachtach é chun cosaint éifeachtach chearta na n-ábhar sonraí a áirithiú. D'fhéadfadh forbairt líonraí ina bhféadfaí an comhar sin a fhorbairt a thuilleadh agus glacadh ionstraimí tiomnaithe don chomhar idirnáisiúnta agus don fhorfheidhmiú cur i bhfeidhm cuimsitheach comhsheasmhach RGCS sa gheilleagar digiteach domhandaithe a threisiú.

(39) Mar sin féin, admhaíonn an Chomhairle na dúshláin atá ann fós a bhaineann le forfheidhmiú RGCS i leith cuideachtaí nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach, agus is cúis imní di an cothrom iomaíochta le rialaitheoirí atá bunaithe san Aontas Eorpach agus cosaint éifeachtach daoine aonair. Iarrann an Chomhairle ar EDPB agus ar an gCoimisiún Eorpach féachaint an bhféadfaí ionstraimí tiomnaithe a fhorbairt, nó brath ar ionstraimí atá ann cheana, chun forfheidhmiú RGCS a éascú sna cásanna sin.

## 10. <u>AN NASC IDIR RGCS AGUS GNÍOMHAÍOCHT REACHTACHA EILE AN AONTAIS, GO hÁIRITHE NA RIALACHÁIN NUA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN EARNÁIL DHIGITEACH.</u>

PUBLIC

(40) Cuireann an Chomhairle chun suntais gur ghlac an tAontas Eorpach, ó 2018 i leith, píosaí nua reachtaíochta a bhféadfadh a gcur chun feidhme idirghníomhú le forálacha RGCS, go háirithe a mhéid a bhaineann le creataí dlíthiúla nua is infheidhme maidir leis an earnáil dhigiteach. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle gur gá comhsheasmhacht a áirithiú agus timpeallacht dhlíthiúil an Aontais a chosaint ón ilroinnt i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint. Chuige sin, ba cheart aon reachtaíocht nua de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a bheith comhsheasmhach le RGCS agus le cásdlí CBAE.

(41) Chun cur i bhfeidhm leanúnach agus éifeachtach RGCS a ráthú, molann an Chomhairle do EDPB tuairimí agus treoirlínte tiomnaithe a ghlacadh, nuair is gá, chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfear forálacha RGCS i bhfeidhm i bhfianaise oibleagáidí nua a eascraíonn as píosaí eile de dhlí an Aontais. Is saincheist an-ábhartha fós í sin, ar gá aghaidh a thabhairt uirthi, go háirithe a mhéid a bhaineann le reachtaíocht nua an Aontais don earnáil dhigiteach (an Gníomh um Margaí Digiteacha, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Gníomh um Shonraí, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, etc.), ach freisin a mhéid a bhaineann le reachtaíocht i réimsí eile mar shampla sonraí oscailte, forfheidhmiú an dlí, cibearshlándáil nó iomaíocht. Sa chomhthéacs sin, measann an Chomhairle go bhfuil comhar idir rialtóirí ábhartha ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

## 11. <u>CONCLÚIDÍ</u>

(42) 5 bliana ó cuireadh tús lena chur i bhfeidhm éifeachtach, measann an Chomhairle, go ginearálta, gur creat dlíthiúil iomchuí i gcónaí é RGCS chun sonraí pearsanta daoine aonair san Aontas a chosaint agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de chur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an Rialacháin sin a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht uileghabhálach chuimsitheach a dhéanamh maidir lena chur i bhfeidhm agus lena fheidhmiú sa tuarascáil uaidh atá ar na bacáin.

(43) Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur bhfuil leibhéal méadaithe cosanta sonraí pearsanta ann ar fud an Aontais a bhuí le RGCS agus gur cruthaíodh cultúr cosanta sonraí neartaithe trína chur chun feidhme laistigh d'eagraíochtaí agus go dtugtar aird níos mó ar rialachas sonraí ina iomláine dá bharr sin. I bhfianaise thionchar dearfach RGCS ar an leibhéal domhanda, measann an Chomhairle gur cheart iarrachtaí a dhéanamh chun an Rialachán a chur chun cinn mar chumasóir don nuálaíocht chuntasach, fhreagrach agus eiticiúil sa gheilleagar digiteach.

(44) Measann an Chomhairle go bhfuil na lamhálacha atá fágtha do reachtaíocht náisiúnta chun creat sonrach a shainiú do chineálacha áirithe gníomhaíochtaí próiseála tairbhiúil agus ábhartha i gcónaí, agus gur léiríodh gur cur chuige éifeachtach is ea iad.

(45) Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach a mheastóireacht a dhéanamh agus na dúshláin atá fós roimh eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon á gcur san áireamh, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá treoir ábhartha agus uirlisí praiticiúla atá le forbairt ag EDPB agus ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Leagann an Chomhairle béim go háirithe ar an ngá atá le soiléiriú agus le treoir bhreise atá gonta, praiticiúil agus sothuigthe, mar a luaitear sa seasamh seo.

PUBLIC

(46) Tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus gné idirnáisiúnta RGCS ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe i bhfianaise dhomhandú an gheilleagair dhigitigh agus forbairtí teicneolaíocha. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach an t-athbhreithniú ar na cinntí leordhóthanachta atá ann cheana a thabhairt chun críche mar thosaíocht agus straitéis chuimsitheach a thíolacadh chun cinntí leordhóthanachta a ghlacadh amach anseo. Ba cheart forbairt bhreise uirlisí aistrithe sonraí eile faoi RGCS a mheas mar thosaíocht freisin.

(47) Measann an Chomhairle go ndéanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm éifeachtach RGCS freisin i gcomhthéacs teicneolaíochtaí nua agus forbairtí reachtacha breise ar leibhéal an Aontais a mbeidh tionchar acu ar phróiseáil sonraí pearsanta, d'fhonn comhsheasmhacht, deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint éifeachtach cheart bunúsach daoine aonair go ndéanfar a sonraí pearsanta a chosaint a áirithiú.

PUBLIC